


## An Clár

	Leathanach
<b>Brollach</b>	<b>3</b>
<b>Gealltanais – Achoimre Feidhmiúcháin</b>	<b>5</b>
<b>1. Oideachas Ealaíon</b>	<b>7</b>
<b>2. Na hEalaíona san Oideachas</b>	<b>10</b>
<b>3. Luach na nEalaíon</b>	<b>11</b>
<b>4. Gealltanais Chairt na nEalaíon san Oideachas</b>	<b>12</b>
<b>5. Comhaontú ar Ghníomhartha na Ranna</b>	<b>19</b>





Is dúshlán é an soláthar ealaíon do pháistí agus do dhaoine óga ar scoil agus taobh amuigh di chomh fada is a bhaineann sé le cúrsaí cultúrtha na tíre seo. Tá seo aitheanta ag cleachtóirí, lucht déanta beartas, oideachasóirí agus ag an bpobal féin.

Chuir an **Coiste Speisialta um na hEalaíona agus an Oideachas** roimhe go dtiocfadh lucht déanta beartas, cleachtóirí agus an pobal ar ailíniú maidir leis an ngá atá le tabhairt faoin tsaincheist seo. Ghlac an Chomhairle Ealaíon d'aon ghuth le tuarascáil an Choiste (in 2007) agus cuireadh í faoi bhráid na Roinne Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta agus na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, mar a bhí ag an am. Tharla comhráite mionsonraithe idir an dá Roinn agus An Chomhairle Ealaíon san idirlinn chun an tuarascáil a phlé. Ar ár gceapadh chun oifige dúinn sa bhliain 2011, bheartaíomar, inár gcáil mar Airí a bhfuil freagracht orainn as an réimse leasa chomhtháite seo, gníomh maidir leis na hEalaíona san Oideachas a chur in ord tosaíochta.

Is féidir idirdhealú a bhí ag tarlú idir an t-oideachas ealaíon agus na healaíona san oideachas a leanúint sa bheartas, sa soláthar agus sa chleachtas, síos trí na 1980í agus na 1990í. Cé gur dhá réimse iad seo a bhraitheann ar a chéile, is iondúil gur do theagasc agus d'fhoghlaim na n-ealaíon sa príomhshruth mar pháirt den oideachas ginearálta a thagraíonn an t-oideachas ealaíon, fad is gur d'idirghabhálacha fhearann na n-ealaíon sa chóras oideachais is mó a thagraíonn na healaíona san oideachas, sé sin nuair a thugann ealaíontóirí as gach disciplín cuairt ar scoileanna nó nuair a bhaineann scoileanna leas as cleachtas gairmiúil ealaíon agus cultúir a bhíonn ar fáil go poiblí. Is iad an Roinn Oideachais agus Scileanna agus soláthraithe oideachais atá freagrach go príomha as an oideachas ealaíon. Tríd is tríd, ba é príomhról an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta sa réimse seo agus na ngníomhaireachtaí faoina chúram a bheith ina dtacadóirí i dtaca le cúis na n-ealaíon a chur chun cinn san oideachas foirmiúil.

Ó thaobh na n-ealaíon san oideachas de, príomhghíomhaire beartais agus soláthair ba ea An Chomhairle Ealaíon. In imeacht roinnt mhaith blianta fuarthas tacaíocht ón gComhairle Ealaíon le haghaidh acmhainní agus cláir thábhachtacha do na healaíona sna scoileanna agus bhíodh raon mór tionscnamh ar siúl aici ar mhaithe le cleachtas a spreagadh. Glacann na Forais Chultúir Náisiúnta ról suntasach freisin sa rochtain ar na healaíona agus ina soláthar trína gcláir for-rochtana agus oideachais agus trína gcláir do chuirteoirí.

Is muide sínitheoirí na Cairte seo agus dá bhrí sin chuireamar de dhua orainn féin Cairt phraiticiúil a dhréachtú, ceann ina bhféachtar le hailíniú amach anseo a bheith dírithe ar an dalta. Táimid tiomanta an Chairt seo a choinneáil cothrom le dáta, agus a cuspóirí a chur i gcrích.

Creidimid gur gá díriú ar an gcruthaitheacht ionas go mbeidh sí lárnach i dtodhchaí na sochaí agus na tíre seo. Is iad na healaíona an chéad bhlaiseadh a fhaighimid ar shaibhreas seo na cruthaitheachta, agus tagaimid leis na healaíona a chur i gcoilár an chórais oideachais seo againn i dteannta ábhair eile. Creidimid gur beart múnlaiteach atá sa Chairt seo chun an uaillmhian sin a fhíorú. Táimid tiomanta freisin a forfheidhmiú a mhaoirsiú. Is chuige sin atá Grúpa Ardleibhéil Forfheidhmithe á chur le chéile againn. Beidh **an tOllamh John Coolahan**, Ollamh Emeritus, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, ina chathaoirleach ar an nGrúpa seo, agus beidh siad seo a leanas air freisin - **Orlaith Mc Bride**, Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon, **Mary Nunan**, Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol, Ollscoil Luimnigh (agus Cathaoirleach Choiste na bPointí Ailíniúcháin), **Alan Wall**, Stiúrthóir sa Roinn Oideachais agus Scileanna agus **Niall Ó Donnchú**, Ard-Rúnaí Cúnta na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Struchtúr é seo a d'fheidhmeodh mar phointe teagmhála straitéiseach, ardleibhéil, agus leanúnach linne ionas go gcinnteofaí go gcuirfí cuspóirí na Cairte i bhfeidhm.

Agus an Chairt seo á dréachtú againn, glacaimid leis freisin go bhfuil ceangal bunúsach idir an t-oideachas ealaíon agus na healaíona san oideachas.



**Séamus Ó Duibhneacháin T.D.**  
**An tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta**



**Ruairí Quinn T.D.**  
**An tAire Oideachais & Scileanna**

**19 Nollaig, 2012**

## Gealltanais– Achoimre Feidhmiúcháin

### 1. **DOSP- Díbhinn Oideachais na Seirbhíse Poiblí**

Tá an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta chun **Díbhinn Oideachais na Seirbhíse Poiblí (DOSP)** a thabhairt isteach. Dá thoradh seo beidh oibleagáidí nua ar an gComhairle Ealaíon, ar eagraíochtaí ealaíon agus ar ealaíontóirí aonair a fhaigheann maoiniú as cistí poiblí.

- Cinnteoidh An Chomhairle Ealaíon go n-áireoidh eagraíochtaí ealaíon a dtugann sí maoiniú dóibh as an sparán poiblí na healaíona san oideachas mar pháirt dá gclár oibre.
- Beidh sé d'oibleagáid ar na heagraíochtaí ealaíon go léir a fhaigheann maoiniú as cistí poiblí am a chaitheamh in aghaidh na bliana le tionscnamh oideachais áitiúil.
- Tabharfaidh ealaíontóirí aonair a mbíonn maoiniú á fháil acu as an sparán poiblí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil an díolúine chánach d'ealaíontóirí á fáil acu, 2 uair an chloig ar a laghad sa bhliain do thionscnamh oideachais áitiúil.
- Beidh ar **Aosdána** a **DOSP** féin a chinneadh agus a fhoilsiú.

### 2. **ARIS – Scoileanna Láidir sna hEalaíona**

Bunóidh **An Chomhairle Ealaíon** scéim náisiúnta - **ARIS – Scoileanna Láidir sna hEalaíona** – trína spreagfar agus trína n-aithneofar na scoileanna sin (idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna)

ina mbeidh na healaíona ina gcuid shuntasach de shaol na scoile.

### 3. **Cuairteanna ó Dhaltaí ar Fhorais Chultúir**

Cinnteoidh na **Forais Chultúir Náisiúnta** go dtabharfaidh gach dalta cuairt ar fhoras cultúir náisiúnta **uair amháin ar a laghad** le linn a m(h)eánscolaíochta.

### 4. **Luach Íslithe ar Thicéid**

Tairgfídh an **Amharclann Náisiúnta** agus **An Ceoláras Náisiúnta** – chomh maith leis na Forais Chultúir Náisiúnta eile go léir ar féidir leo táille iontrála a ghearradh ó am go ham ar chead isteach chuig imeacht ar leith – lascaine ar thicéid do dhaltaí / mic léinn a bheidh ag freastal go lánaimseartha ar an mbunscoil, ar an iar-bhunscoil agus ar an tríú leibhéal. Ní rachaidh costas na dticéad seo thar €5 an t-imeacht.

### 5. **Ealaíontóirí Cónaithe**

Oibreoidh An Chomhairle Ealaíon leis An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta agus leis An Roinn Oideachais chun cur le líon na gcónaitheachtaí d'ealaíontóirí sna **Coláistí Oideachais**.

### 6. **Suíomh Tairsí**

Forbrófar **suíomh tairsí** do na healaíona san oideachas. Modh tábhachtach cumarsáide agus faisnéise a bheidh sa suíomh seo d'earnálacha an oideachais agus na n-ealaíon araon.

## **Beartas**

Cuirfidh scoileanna dara leibhéal beartais agus pleananna scoile i dtoll a chéile chun léiriú gur gné thábhachtach de shaibhriú an churaclaim agus saolré níos leithne na scoile a bheidh sa tiomantas seo do na healaíona san oideachas.

## **7. Bonneagar**

Léireofar an soláthar do na healaíona san oideachas i ndearadh agus i bhfeistiú scoileanna.

Féadfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna tús a chur freisin le stocáireamh na saoráidí reatha. Bhunófaí soláthar sa todhchaí, comhlonnú agus comhroinnt saoráidí ar an stocáireamh sin.

Geallann an tAire Oideachais & Scileanna freisin go mbainfear níos mó úsáide as saoráidí scoileanna lasmuigh d'uaireanta scoile ionas go mbeidh deis ar ghníomhaíochtaí ealaíon ag páistí agus ag daoine óga.

Geallann an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta go gcuirfear soláthar saoráidí do chleachtas oideachais isteach i mbeartas amach anseo maidir le cláir chaiteachais chaipitil sna healaíona agus sa chultúr.

## **8. Dearadh an Churaclaim**

Rachaidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta i gcomhairle leis an gComhairle Ealaíon, agus beidh ionadaíocht aici ar a coistí, más iomchuí.

## **9. Grúpa Forfheidhmithe**

Beidh **Grúpa Ardleibhéil Forfheidhmithe** ag maoirsiú na bhforbairtí.

Tiocfaidh an Grúpa Forfheidhmithe le chéile go rialta agus cuirfidh sé tuairisc faoi bhráid na nAirí faoi dhó sa bhliain, ar a laghad. Féadfar cruinnithe comhairliúcháin a thionól le grúpa níos leithne de phríomhpháirtithe leasmhara eile gach dara bliain.

Féadfaidh an Grúpa Forfheidhmithe comhairle a thabhairt do na hAirí freisin i dtaobh an Chairt a nuashonrú agus a fheabhsú.

# 1. Oideachas Ealaíon

## 1.1 Réamhrá

Is é misean na Roinne Oideachais agus Scileanna cur ar chumas na bhfoghlaimeoirí go léir a n-acmhainn iomlán a thabhairt i gcrích agus cur le forbairt eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha na hÉireann.

Cuireann an t-oideachas ealaíon go mór leis an misean seo agus leis an sprioc níos leithne, is é sin an chruthaitheacht a fhorbairt inár sochaí agus inár ngeilleagar.

Leagann an cineál geilleagair atá againn in Éirinn agus an t-athrú ó bhonn a tharla dó le blianta beaga anuas béim ar an ngá atá le beartais eacnamaíocha agus shóisialta a mbeadh córas oideachais a chothódh agus a neartódh an chruthaitheacht mar bhonn agus mar thaca aige. Glacaimid leis nach ionann an chruthaitheacht agus scil ná próiseas intleachtúil as féin. Bua í lena ngabhann impleachtaí móra d'fholláine an duine as í a bheith ann (nó gan a bheith ann) agus atá i gcomhréir le ráiteas misin na Roinne Oideachais agus Scileanna.

Cé nach leis na healaíona amháin a ghabhann an chruthaitheacht, is maith mar sin féin mar a chothaíonn siad í. Tá sé tugtha síos faoin gcruthaitheacht nach *'...purely intellectual próiseas'* atá i gceist léi. Deirtear go bhfuil sí *'...enriched by other capacities and in particular by feelings, intuition and by a playful imagination.'* agus nach *'...single aspect of intelligence [but] a dynamic process that draws on many different areas of a*

*person's experience and intelligence'* atá inti.<sup>1</sup>

## 1.2 Na Luathbhlianta

Deis shuntasach atá sa soláthar uilíoch réamhscoile chun cur ar chumas páistí óga blaiseadh a fháil ar réimse leathan de chineálacha éagsúla ealaíon lena n-áirítear ceol, péinteáil, damhsa agus drámaíocht. Tá **Aistear**, Creatchuraclam na Luath-Óige bunaithe ar na ceithre phríomhthéama aitheantais, viz:

- Folláine agus Muintearas;
- Taiscéalaíocht;
- Smaointeoireacht; agus,
- Cumarsáid.

Áirítear an cuspóir go gcuirfidh páistí iad féin in iúl go cruthaitheach agus go samhlaíoch leis na hAidhmeanna agus na Spriocanna Foghlama a ghabhann le Cumarsáid.

Beidh an méid seo a leanas á dhéanamh ag na páistí (i gcomhpháirtíocht leis an duine fásta) trí bhíthin na Spriocanna Foghlama:

- Roinnfidh siad a mothúcháin, a smaointe agus a dtuairimí trí mheán na scéalaíochta, na healaíne, trí bheith ag gluaiseacht le ceol, ag rólghlacadh, ag fuascailt fadhbanna agus trí fhreagairt do na heispéiris sin;
- Cuirfidh siad féin in iúl trí na hamharcealaíona ag baint úsáide as scileanna amhail gearradh, líníocht,

<sup>1</sup>Ken Robinson: *Out of Our Minds: Learning to Be Creative.* ( *Leagan nua nuashonraithe 2011*)

- gliúáil, greamú, péinteáil, tógáil, priontáil, dealbhóireacht agus fuáil;
- Éistfidh siad le cineálacha éagsúla ceoil agus freagróidh siad dóibh, canfaidh amhráin agus déanfaidh ceol ag baint úsáide as uirlisí;
  - Úsáidfidh siad teanga chun róil agus eispéiris a shamhlú agus a athchruthú;
  - Cruthóidh siad eispéiris litearthachta trí scéalta, filíocht, amhráin, agus drámaíocht; agus,
  - Beidh siad féinmhuiníneach agus iad ag baint trialach as rudaí nua, ag dul san amhantar, agus ag smaoineamh go cruthaitheach.

### 1.3 Bunoidéachas

Ceanglaítear ar bhunscoileanna soláthar do na hAmharcealaíona, Drámaíocht agus Ceol mar phríomh-chomhpháirteanna de Churaclam na Bunscoile (1999) agus pleanáil dá réir ar bhonn na scoile uile.

Tá réamhrá ginearálta faoin oideachas ealaíon sa chuid sin de churaclam na bunscoile ina gcuirtear na hAmharcealaíona i láthair. Leagtar béim ar an méid seo a leanas ann:

*Cuireann t-oideachas ealaíon ar chumas an pháiste bealaí eile cumarsáide le daoine eile a iniúchadh. Spreagann sé smaointe na bpáistí féin agus smaointe don chumadh agus cuidíonn sé go mór chun raon de chumais intleachta a fhorbairt. Is saibhrede saol an pháiste ach oideachas ealaíon a bhfuil cuspóir leis a fháil sa bhunscoil, oideachas nach féidir á shárú i*

*dtaca le smaointeoireacht chruthaitheach a mhúscailt agus cumas agus inoiriúnaitheacht a chur chun cinn. Leagann sé béim ar an bpróiseas cruthaitheach agus sa tslí sin déantar deimhin de gur leis an bpáiste féin an obair agus go mbíonn sí ar chaighdeán ard. Bíonn meas ar an gcur in iúl ealaíne a dhéantar, ardaítear an féinmheas, spreagtar spontáineacht agus fonn fiontraíochta, agus cuirtear fáilte roimh an éagsúlacht. Is í an ghné thacúil seo de na healaíona cruthaitheacha a fhágann gurb iontach dearfach mar eispéireas an t-eispéireas a fhaightear as páirt a ghlacadh. Is cuid bhunúsach den bhunoidéachas é an t-oideachas ealaíon maidir leis an smaointeoireacht, an tsamhlaíocht agus an íogaireacht a neartú, agus tharlódh go bhféadfaí díriú ar ghníomhaíochtaí ealaíon le haghaidh forbairt shóisialta agus chultúrtha agus le taitneamh a bhaint as an scoil.*

*Cuimsíonn an t-oideachas ealaíon raon gníomhaíochtaí sna hamharcealaíona, sa cheol, sa drámaíocht, sa damhsa agus sa litríocht. Cabhraíonn na gníomhaíochtaí agus na heispéiris seo leis an bpáiste ciall a bhaint as an saol; ceisteanna a fhiafraí agus réitigh a fháil; déileáil le mothúcháin agus a gcuid féin a dhéanamh d'eispéiris chruthaitheacha.*

### An tSraith Shóisearach

D'fhoilsigh an tAire Quinn an Creat don tSraith Shóisearach, dá chuid, ar an 4<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair, 2012. Tá ocht bprionsabal sa Chreat; ceann díobh is ea "cruthaitheacht agus nuáil" trína gcuirfidh



*“an curaclam, an measúnú, an teagasc agus an fhoghlaim deiseanna ar fáil do scoláirí a bheith cruthaitheach agus nuálach”.*

Cuireann 24 Ráiteas Foghlama síos ar an bhfoghlaim atá i gcroílár na sraithe sóisearaí. Cuireann na ráitis seo síos ar na nithe ba cheart do scoláirí a bheith ar eolas acu, na nithe ba cheart dóibh tuiscint agus meas a bheith acu orthu agus a bheith in ann iad a dhéanamh trí bheith gafa lena gclár don tsraith shóisearach agus páirt iomlán a bheith glactha acu ann. Mar sin cruthóidh agus cuirfidh na daltaí *“saothair ealaíne”* i láthair agus tuigfidh siad *“an próiseas agus na scileanna”* a bheidh i gceist, tógfaidh siad *“smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú”* agus freisin déanfaidh siad *“réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheasúnú agus a léirmhíniú”*. Tá ocht bpríomhscil i gceist, ceann díobh sin is ea *“a bheith cruthaitheach”*.

Beidh an t-oideachas ealaíne ina chuid bhunúsach den eispéireas a gheofar sa tsraith shóisearach sa chomhthéacs ina bhfuiltear díreach tar éis breac-chuntas a thabhairt air. Beidh Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh agus Ceol fós i measc na n-ábhar a bheidh ar tairiscint. Tabharfar an deis freisin don CNCM, do scoileanna agus d’eagraíochtaí eile gearrchúrsaí nua a cheapadh agus a sholáthar, de réir sonraíochtaí a bheidh leagtha síos, rud a chuirfeadh leis na roghanna a bheadh ar fáil do dhaltaí. Tá an CNCM ag ullmhú *“taibhiú ealaíne”*, gearrchúrsa mar é anois.

## 1.5 An Idirbhliain

Éiríonn le scoileanna, mar chuid den chlár don Idirbhliain, modúil éagsúla a thairiscint trína spreagtar suim na ndaltaí sna hEalaíona i gcoitinne agus trínar minic a thugtar an deis dóibh a bheith ag obair ina seomraí ranga féin agus i gcomhthéacsanna eile le healaíontóirí a bhíonn ag cleachtadh a gceirde. Is gnách ceoldráma scoile a léiriú mar chuid den Idirbhliain. Tá an Clár don Idirbhliain ar siúl in 550 scoil agus baineann c 28,500 dalta (50% de dhaltaí) leas as.

## 1.6 An tSraith Shinsearach

Tá siollabais roghnacha don Cheol agus don Ealaín sa tSraith Shóisearach. Bíonn modúil sna hEalaíona ar tairiscint freisin mar chuid den Ardteistiméireacht Fheidhmeach.

Rinneadh athbhreithniú ar shiollabas na hArdteistiméireachta don Cheol agus bhí an chéad scrúdú air sin ann ina dhiaidh sin sa bhliain 1999. Ceadáíonn struchtúr an mheasúnaithe do dhaltaí speisialú sa chomhpháirt den chúrsa is fearr a fheileann dá spéis agus dá gcumas. D’oscail an raon mór roghanna sa taibhiú atá ar fáil do dhaltaí an t-ábhar suas go mór agus is féidir le daltaí as cúlraí éagsúla ceoil tabhairt faoin ábhar.

Cuireann struchtúr an mheasúnaithe a ghabhann le Siollabas na hArdteistiméireachta don Ealaíon, Ceardaíocht agus Dearadh ar chumas daltaí speisialú sna comhphárteanna is fearr a fheileann dá spéis agus dá gcumas. Déantar measúnú freisin ar a n-eolas ar stair na healaíne agus ar a scileanna léirthisceana.

## 2. Na hEalaíona san Oideachas

### 2.1 Na hEalaíona san Oideachas: dhá shnáithe

Cé gur le linn am scoile a tharlaíonn cuid mhór den idirghníomhú sna healaíona san oideachas, ní sa scoil féin a tharlaíonn an t-iomlán. Baineann dhá shnáithe le cleachtas na n-ealaíon san oideachas: idirghabhálacha lucht ealaíon san oideachas foirmiúil atá i gceann amháin acu, agus daltaí a bheith ag fáil blaiseadh ar na healaíona i measc an phobail an ceann eile, ceann a bhíonn ar bun in ionaid ealaíon de ghnáth, cibé an go háitiúil nó go náisiúnta sin, ach ionaid a fuair maoiniú as cistí poiblí.

### 2.2 Na hEalaíona san Oideachas: príomhthréithe

Is éard atá i gceist leis na healaíona san oideachas ealaíontóirí oilte, gairmiúla as gach disciplín a bheith ag obair do scoileanna agus le scoileanna ar mhaithe le lear mór cineálacha éagsúla taithí ealaíon a chruthú, a fháil agus léirmhíniú a bhaint as an taithí sin. Féadann cleachtas na n-ealaíon san oideachas a bheith ar bun istigh sa scoil nó taobh amuigh di. Bíonn cuairteanna aon uaire, cláir sách leathan, nó diantionscadail chomhoibríocha i gceist leis. Oibríonn ealaíontóirí, eagraíochtaí ealaíon, daltaí, múinteoirí, agus uaireanta cúramóirí príomhúla, as lámha a chéile ar mhaithe le cineálacha éagsúla eispéireas ealaíon a bheith ann a chuireann go mór leis an gcuraclam agus a thacaíonn le croímhisean oideachais na scoile. Saibhríonn cleachtas na n-ealaíon san oideachas saol na ndaoine go léir a bhíonn ina bhun, go háirithe i dtaca le hintinn agus samhlaíocht na ndaltaí a fhorbairt.

### 2.3 Na hEalaíona san Oideachas: An Comhthéacs Reachtach

#### An tAcht Oideachais

Déantar tagairt shonrach san Acht Oideachais (1998) do ‘na healaíona agus nithe cultúrtha eile’ a chur chun cinn mar fheidhm faoi leith de réir an liosta níos faide d’fheidhmeanna do scoileanna arna leagan amach san Acht sin. Tugtar léargas ginearálta ar Oideachas Ealaíon in Alt 1.

#### An tAcht Ealaíon

Leagtar síos ocht bhfeidhm ghinearálta na Comhairle Ealaíon san Acht Ealaíon (2003). Tá sé i gceist leis an gcéad agus leis an dara ceann díobh: (i) spéis an phobail sna healaíona a spreagadh agus, (ii) eolas, dea-mheas agus cleacht ar na healaíona a chur chun cinn.

#### An Straitéis Náisiúnta Leanai

Is ar dhá acht seo an Oireachtas atá an creat reachtach d’obair na n-ealaíon san oideachas bunaithe. Gheofar tuilleadh tacaíochta don obair seo i gcoinbhinsiún araon amhail Airteagal 31 de **Choinbhinsiún na NA um Chearta an Linbh**, a dhaingnigh Rialtas na hÉireann sa bhliain 1992, agus sa **Straitéis Náisiúnta Leanai (2000)**. Déantar tagairt shonrach sa cheann deireanach seo do ghníomhaíochtaí cultúrtha mar chuid de na sé ‘*Bhunraon Riachtanas*’ a aithníodh i gceann amháin as dhá sprioc uileghabhálacha de na ‘*Spriocanna Náisiúnta*’.

### 3. Luach na nEalaíon

Tuairimí daingne a bheith ann i dtaobh thábhacht na n-ealaíon agus a n-ionchur sainiúil san oideachas an bonn agus an taca atá leis an reachtaíocht agus leis an mbeartas sin.

Bhí ráiteas gonta maidir le luach na n-ealaíon san aighneacht ó *Chomhairle na bhForas Cultúir Náisiúnta*, i gcomhthéacs an ullmhúcháin don Phlean Forbartha Náisiúnta (2007-2013). Tugadh síos sa ráiteas gur mar seo a leanas don ealaín:

***‘.. ealaín, de réir sainmhínte leathan, mar bhunfhiontar daonna: brí a dhéanamh, brí aonair agus brí chomhchoiteann, trí léiriú a dhéanamh. Nuair a dhéantar ealaín cruthaímid muid féin. Nuair a fhaightear tuiscint ar ealaín faighimid tuiscint orainn féin’.***

Is gné chomónta í an dara tuairim dhaindeán – i dtaobh ionchur sainiúil na n-ealaíon san oideachas – i ndoiciméid bheartais maidir le hoideachas agus i lámhleabhair churaclaim. Tá mír ar an oideachas ealaíon i gcoitinne mar thús leis an gcuraclam do na hamharcealaíona do bhunscoileanna na hÉireann, áit a ndeirtear, inter alia, ‘..cuidíonn sé go mór chun raon de chumais intleachta a fhorbairt’.

#### 3.1 Tairbhí na n-ealaíon san oideachas

Gheofar mír an-úsáideach sna **Treoirlínte Ealaíontóirí - Scoileanna** (2006) maidir leis na tairbhí atá leis na healaíona san oideachas. Tugtar achoimre orthu thíos.

##### Cleachtas na n-ealaíon san oideachas:

- Cuidíonn siad go sainiúil leis an oideachas ealaíon ar scoil agus le cleachtas na n-ealaíon poiblí;
- Cuireann siad deiseanna lasmuigh dá ngnáthraon scóipe ar fáil do scoileanna agus d’ealaíontóirí agus d’eagraíochtaí ealaíon. Deimhníonn ealaíontóirí go leor go ngabhann tairbhí pearsanta agus gairmiúla le bheith ag obair le scoileanna; agus,
- Cuidíonn sé le ceangal a bhunú idir an scoil agus an pobal i gcoitinne.

##### Cláir do na healaíona san oideachas:

- Saibhríonn siad an curaclam. Breisíonn siad oideachas ealaíon an dalta féin agus tacaíonn siad leis an bhfoghlaim i réimsí eile den churaclam;
- Bealaí tábhachtacha i dtreo na n-ealaíon is ea iad; agus,
- Cabhraíonn siad le scoileanna tabhairt faoin bhfreagracht atá orthu cur ar a súile do dhaoine óga a shaibhrede is a bheadh a saol ach é bheith de phléisiúr acu eispéiris d’ardchaighdeán a bhaint as na healaíona.

## 4. Gealltanais Chairt na nEalaíon san Oideachas

### 4.1 Comhphlé agus comhpháirtíocht

Geallann na hAirí go mbeidh comhphlé agus comhpháirtíocht ar siúl go leanúnach idir na ranna agus trasna na n-earnálacha. Beidh na príomh-chomhpháirtithe agus na príomhpháirtithe leasmhara fós ag glacadh páirte sa chomhphlé sin, a mbeidh an **Grúpa Ardleibhéil Forfheidhmithe** á stiúradh. Ceapfar beartas agus struchtúir chun tiomantas agus tacaíocht a fháil ó lucht déanta beartas oideachais agus ealaíon agus ó lucht maoinithe ar fud na tíre, agus cinnteofar san am céanna go n-éascófar múnlaí áitiúla comhpháirtíochta agus soláthair agus go gcuirfear acmhainní ar fáil dóibh.

Díreofar aird ar leith ar struchtúir agus ar acmhainní atá ar an bhfód cheana féin agus orthu sin atá ag teacht chun cinn, amhail ionaid oideachais agus rannóga ealaíon in údaráis áitiúla a fhéadfaidh, agus iad ag gníomhú go neamhspleách nó i gcomhar le heagraíochtaí eile, ó thaobh eagrúcháin agus cleachtais de, réitigh agus córais sheachadta a sholáthar a bheidh iomchuí do chúinsí áitiúla agus a bheidh comhsheasmhach le beartas agus treoirlínte náisiúnta.

### 4.2 An clár oibre don oideachas i gcoitinne

Ba cheart go dtuigfeadh lucht déanta beartas agus soláthraithe oideachais, go náisiúnta agus go háitiúil an lear mór cleachtas a chuimsítear faoin téarma cineálach “oideachas” agus go gcinnteoidís nach mbeadh fás na gcleachtas eile sna healaíona comhlántacha agus san oideachas, sa chomhthéacs foirmiúil, sa

chomhthéacs oideachas as taithí agus sa chomhthéacs neamhfhoirmiúil, síos leis de bharr infheistíocht a dhéanamh i gcleachtas na n-ealaíon san oideachas. Ina theannta sin tá sé riachtanach freisin a chinntiú nach bhféachfar ar an gclár oibre don oideachas mar chlár ad-hoc, ach go bhféachfar air mar ábhar leathan agus lárnach is cúram don **Chomhairle Ealaíon**, agus mar shraith lárnach in obair na n-eagraíochtaí ealaíon a fhaigheann maoiniú as cistí poiblí.

### 4.3 An clár oibre don oideachas in eagraíochtaí ealaíon

Is mian leis an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta **díbhinn oideachais na seirbhíse poiblí (DOSP)** a bhunú a bheidh le maoirsiú ag an gComhairle Ealaíon. Mar pháirt den **DOSP**, cinnteoidh An Chomhairle Ealaíon ina soláthar díreach agus indíreach féin do na healaíona san oideachas go n-áireoidh an t-uasmhéid d’eagraíochtaí ealaíon a dtugann sí maoiniú dóibh as an sparán poiblí na healaíona san oideachas mar pháirt dá gclár oibre.

Admhaíonn na hAirí go dtugtar maoiniú do na bunscoileanna agus do na hiarbhunscoileanna, inter alia, chun tabhairt faoi na healaíona mar pháirt de churaclam ‘scoile uile’. Comhthreomhar leis sin, ceaptar gur gá d’eagraíochtaí ealaíon a fhaigheann maoiniú as cistí poiblí tabhairt faoi na healaíona san oideachas, agus/nó tabhairt faoi chlár oibre an oideachais i gcoitinne, go sainráite agus ar mhodh beartais, ar páirt é dá ngabhann leis an teideal atá acu ar an sparán poiblí.

Maidir leis sin, infheisteoidh eagraíochtaí ealaíon a fhaigheann maoiniú as cistí poiblí méid comhréireach ama sa bhliain i dtionscnamh oideachais áitiúil, faoi réir comhaontaithe agus faoi réir phrótacail agus threoiríní iomchuí na Roinne Oideachais agus Scileanna. Maidir leis an infheistíocht sin a chinneadh, is ábhar é a bheidh le comhaontú leis an gComhairle Ealaíon.

Caithfidh ealaíontóirí aonair, a mbíonn maoiniú á fháil acu as an sparán poiblí, lena n-áirítear iad siúd a bhfuil an díolúine chánach d'ealaíontóirí á fáil acu as saothar reatha, i gcás go meastar an saothar a bheith ar an leibhéal iomchuí do na daltaí lena mbaineann, dhá uair an chloig ar a laghad sa bhliain le tionscnamh oideachais áitiúil. Beidh aon idirghníomhaíocht leis an scoil faoi réir, gach tráth, na dtreoiríní agus na bprótacal a bheidh i réim, agus faoi réir comhaontaithe leis an bhforas oideachais.

Cinnfidh agus foilseoidh Aosdána an tslí ina ndéanfaidh sé a ionchur comhréireach féin sa **DOSP** trína bhallaíocht.

Cinntoidh an Chomhairle Ealaíon go mbeidh na scéimeanna agus na cláir reatha, amhail iad siúd sna camchuartheanna, san fhorbairt ghairmiúil agus sna dámhachtainí tionscadail, faoina réir ag cleachtóirí na n-ealaíon san oideachas, mar chuid de thiomantas níos leithne na Comhairle luach a bheith ar na bealaí éagsúla ina n-oibríonn ealaíontóirí agus deiseanna níos fearr a chruthú do

dhaoine óga le dul i dtaithe na n-ealaíon. Tá riachtanas comhchosúil ann i gcás scéimeanna ealaíon na n-údarás áitiúil agus i gcás cláir reatha nó cláir a bheidh ann amach anseo a bheidh á dtairiscint ag gníomhaireachtaí eile a mbeidh soláthar na n-ealaíon agus an chultúir á maoiniú acu.

#### 4.4 For-rochtain agus Oideachas sna Forais Chultúir Náisiúnta

Déanfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta monatóireacht ar fhorfheidhmiú an chreata beartais maidir le hOideachas, Pobal agus For-rochtain a d'fhoilsigh Comhairle na bhForas Cultúir Náisiúnta sa bhliain 2004 agus cinnteoidh sé go mbeidh na Forais Chultúir Náisiúnta ag méadú ar a gcleachtas sa réimse seo.

Déanfaidh na Forais Chultúir Náisiúnta gach dícheall chun cinntiú go dtabharfaidh gach dalta cuairt ar aon fhoras cultúir náisiúnta amháin **uair amháin ar a laghad** le linn a m(h)eánscolaíochta. Ba cheart go n-eagrófaí na cuairteanna ar na Forais Chultúir Náisiúnta, ar bhonn aoise, taithí agus riachtanais an churaclaim d'fhonn an tairbhe is fearr a bhaint astu.

Mar fhreagairt ar an **DOSP**, beidh ticéid oideachais á dtairiscint ag an Amharclann Náisiúnta agus ag an gCeoláras Náisiúnta do phátrúin a bheidh ag freastal go lánaimseartha ar an mbunscoil agus ar an meánscoil agus ar an tríú leibhéal.<sup>2</sup> Féadfaidh an foras cultúir náisiúnta costas na dticéad seo a shocrú dá rogha féin ach i

<sup>2</sup> Faoi 23 bliana d'aois agus faoi réir iad a bheith ar fáil agus faoi réir cruthúnas céannachta agus stádais.

ngach cás ní rachaidh an costas sin thar €5 an t-imeacht.

Leithdháileann An Roinn Oideachais agus Scileanna acmhainní ar na healaíona mar chuid dá clár i gcoitinne. Dírítear an maoiniú ar sholáthar an oideachais, ar fhorbairt an churaclaim, ar fhorbairt ghairmiúil na múinteoirí agus ar thaighde, de réir mar a bhíonn acmhainní ar fáil agus i gcomhréir le tionscnaimh churaclaim a mbíonn tosaíocht tugtha dóibh.

#### 4.5 Faisnéis agus comhairle

Admhaíonn na hAirí go bhfuil faisnéis, comhairle agus scaipeadh riachtanach.

Tá fáilte roimh acmhainní amhail **Eolaire na nEalaíon sna Scoileanna (2004)** agus **Treoirlínte Ealaíontóirí - Scoileanna (2006)**. Nuashonrófar iad agus beidh ábhair eile amhail ríomhacmhainní ealaíon ag gabháil leo, agus tabharfar tacaíocht dóibh i seimineáir agus i gceardlanna – i gcomhpháirtíocht seans le coláistí oideachais, ionaid oideachais, agus eagraíochtaí agus gníomhaireachtaí iomchuí eile. Is gá dea-chleachtas a dhoiciméadú, a mheasúnú - go mór mór ó thaobh a cheaptha, a mhaoinithe agus a chur i bhfeidhm – agus a scaipeadh. Ba cheart go mbeadh faisnéis, comhairle agus acmhainní ar fáil i gcineálacha éagsúla de na meáin, ach go mór mór ar líne. Is géar a theastaíonn sé líonraí réalaiócha agus fíorúla de chleachtóirí oilte, le taithí, a bhunú (múinteoirí agus ealaíontóirí) chun dea-chleachtas a roinnt agus chun cuir chuige chomhoibríocha i leith chleachtas na n-ealaíon san oideachas a fheabhsú.

#### 4.6 Dea-chleachtas a chothabháil

Geallann na hAirí go mbeidh raon beart ann chun cinntiú go gcothófar dea-chleachtas na n-ealaíon san oideachas nuair is ann dó agus go roinnfear le daoine eile é - mar chuid de straitéis san fhorbairt ghairmiúil i gcoitinne – ionas gurbh fhéidir nithe nach dtarlaíodh ach go hócáideach agus go randamach roimhe seo a bheith forleathan agus ina ngnáthnós. Eiseamláir den dea-chleachtas is ea an tionscnamh, Music Generation.

Áirítear scéimeanna meantóireachta, iasachtaí, malairtí gairmiúla, athbhreithnithe píaraí agus measúnuithe, taispeántais, comhthionscadail – agus iad uile go léir bunaithe go háitiúil, go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta - i measc na mbeart a bheidh le tionscnamh trína bhféadfadh saineolas eagraíochta(í) áirithe nó eolas ag duine/daoine suntasach(a) a bheith ina hacmhainn a bhféadfaí í a chur faoi réir phobal na n-ealaíon san oideachas i gcoitinne. B'fhéidir go mbainfeadh sé seo go speisialta le heagraíochtaí ealaíon, le húdarais áitiúla, agus le hinstiúidí oideachais.

#### 4.7 Beartais Scoile

Beidh deiseanna ealaíon san oideachas san áireamh ag scoileanna dara leibhéal ina mbeartais agus ina bpleananna scoile, más féidir, agus iad mar ghné thábhachtach de shaibhriú an churaclaim agus saolré níos leithne na scoile. Ba cheart go dtabharfaí an chomhlántacht idir an t-oideachas ealaíon agus na healaíona san oideachas i gcrích leis na beartais seo.

#### 4.8 Ealaíontóirí

Tá sé ríthábhachtach saothair ealaíontóirí comhaimseartha (sa chiall is leithne) a chur ar fáil ar fáil do phleanálaithe curaclaim. Ba cheart do shaothair ealaíontóirí atá beo tosaíochtaí an churaclaim atá ann cheana féin a chomhlánú agus na saothair sin a bheith ar an liosta tagartha mar chuid de réaltachtaí praiticiúla na múinteoireachta sa seomra ranga. Maidir leis sin, beidh an bhaint a bheidh ag ealaíontóirí agus ag eagraíochtaí ealaíon, a mbeidh maoiniú faighte acu, le scoileanna, faoi mar a tugadh síos níos luaithe, ina cuid den chonradh don mhaoiniú as cistí poiblí.

#### 4.9 Taighde

Glacann na hAirí leis go bhfuil taighde riachtanach - lena n-áirítear taighde bunaithe ar ghníomhartha - a chuirfeadh leis an dea-chleachtas reatha agus a chíorfadh múnlaí nua sa chleachtas ealaíon agus scoile (ábhar, struchtúr an chur i bhfeidhm, agus an bhaint le soláthar na n-ealaíon príomhshrutha agus soláthar an churaclaim phríomhshrutha) sa bhaile agus thar lear ionas gurbh fhéidir inniúlacht na hearnála a threisiú agus foinse eolais agus taithí a bhunú as a bhféadfadh lucht déanta beartas agus cleachtóirí eolas a fháil.

#### 4.10 Soláthar Caipitil

Aontaíonn an tAire Oideachais & Scileanna go sonrú soláthar do chleachtas na n-ealaíon san oideachas agus don chlár oibre don oideachas i gcoitinne i ndearadh agus i bhfeistiú na bhfoirgneamh scoile agus aontaíonn sé leis an riachtanas comhthreomhar maidir le dearadh

scoileanna nua agus foirgneamh eile oideachais chun na riachtanais áirithe a bhaineann leis na healaíona – go díreach san oideachas agus freisin i measc an phobail i gcoitinne a thógáil san áireamh- i gcomhthéacs na n-acmhainní a bheidh ar fáil.

Déanfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna stocáireamh na saoráidí reatha a mheas freisin. Bhunófaí soláthar sa todhchaí, comhlonnú agus comhroinnt saoráidí ar an stocáireamh sin.

#### An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

Rachaidh **An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta** i gcomhairle leis an gComhairle Ealaíon agus, más iomchuí, beidh ionadaíocht aici ar na coistí dá cuid siúd a bhíonn ag déileáil le hoideachas ealaíne, fiontraíocht chruthaitheach, na meáin dhigiteacha, agus le réimsí gaolmhara na n-ealaíon san oideachas.

#### 4.12 Roinnt na nAcmhainní

Féachfaidh na hAirí chuige go ndéanfar suíomh tairsí do na healaíona san oideachas a fhorbairt agus go gcuirfear sonraí isteach air. Modh tábhachtach cumarsáide agus faisnéise a bheidh sa suíomh seo d'earnálacha an oideachais agus na n-ealaíon araon. Tríd seo déanfar acmhainní foghlama agus teagaisc a fhorbairt agus soláthrú nasc chucu agus féadfar teacht ar stór taighde agus faisnéise trasearnála do sholáthraithe agus do chleachtóirí araon. Beidh tacaí maithe eolais agus comhairle le fáil ar an suíomh



agus beidh sé tábhachtach ó thaobh scaipeadh an dea-chleachtais de. Cabhróidh sé le timpeallacht fhíorúil foghlama a chruthú ar mhaithe le forbairt ghairmiúil shaincheaptha agus beidh áit air ina bhféadfaidh gairmithe as an dá earnáil cur agus cúiteamh a dhéanamh faoi chleachtas agus faoi thaithe.

#### 4.13 Comhpháirtíochtaí san Oideachas Ealaíon

Ceapfaidh na hAirí clár náisiúnta de **Chomhpháirtíochtaí Áitiúla um Oideachas Ealaíon** trí ealaíontóirí gairmiúla, eagraíochtaí ealaíon, agus forais chultúir, oifigigh ealaíon na n-údarás áitiúil agus soláthraithe eile ealaíon a thabhairt ar bord. Rachadh comhpháirtíocht den sórt i dteagmháil le hIonaid Oideachais, Coistí Gairmoideachais agus soláthraithe eile oideachais d'fhonn an caidreamh atá ann cheana féin a neartú agus tacú leis agus ionas go bhféadfaí comhpháirtíochtaí nua agus comhfhiontair a fhorbairt, trí raon beart ach laistigh de na tacaí airgeadais reatha. Cuid bhunúsach den phróiseas seo a bheidh sa chomhairliúchán gníomhach idir na príomhpháirtithe leasmhara.

#### 4.14 An Teastas Sóisearach agus an Ardteistiméireacht

D'fhoilsigh an tAire Quinn an *Creat don tSraith Shóisearach*, dá chuid, ar an 4<sup>ú</sup> Deireadh Fómhair. Tá ocht bprionsabal sa Chreat, ar ceann díobh "*cruthaitheacht agus nuáil*" trína gcuirfidh "*an curaclam, an measúnú, an teagasc agus an fhoghlaim deiseanna ar fáil do scoláirí a bheith cruthaitheach agus nuálach*". Cuireann 24 Ráiteas Foghlama síos ar an bhfoghlaim atá i gcroílár na sraithe sóisearaí. Cuireann na

ráitis seo síos ar na nithe ar cheart do scoláirí iad a bheith ar eolas acu, na nithe ar cheart dóibh tuiscint agus meas a bheith acu orthu agus ar cheart dóibh a bheith in ann iad a dhéanamh trí bheith gafa lena gclár don tsraith shóisearach agus páirt iomlán a bheith glactha acu ann. Mar sin cruthóidh agus cuirfidh na daltaí "*saothair ealaíne*" i láthair agus tuigfidh siad "*an próiseas agus na scileanna*" a bheidh i gceist, tógfaidh siad "*smaoineamh ar aghaidh ó cheapadh go réadú*" agus freisin déanfaidh siad "*réimse leathan téacsanna a chruthú, a mheasúnú agus a léirmhíniú*". Tá ocht bpríomhscil i gceist, ceann díobh sin is ea "*a bheith cruthaitheach*". Beidh an t-oideachas ealaíne ina chuid bhunúsach den taithe a gheofar sa tsraith shóisearach sa chomhthéacs ina bhfuiltear díreach tar éis breac-chuntas a thabhairt air. Beidh Ealaín, Ceardaíocht, Dearadh agus Ceol fós i measc na n-ábhar a bheidh ar tairiscint. Tabharfar an deis freisin don CNCM, do scoileanna agus d'eagraíochtaí eile gearrchúrsaí nua a cheapadh agus a sholáthar, de réir sonraíochtaí a bheidh leagtha síos, rud a chuirfeadh leis na roghanna a bheadh ar fáil do dhaltaí. Tá an CNCM ag ullmhú "*taibhiú ealaíne*", gearrchúrsa mar é anois.

#### 4.15 Saoráidí lasmuigh den scoil agus úsáid lasmuigh d'uaireanta scoile

Tá an tAire Oideachais & Scileanna agus an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta tiomanta go mbainfear níos mó úsáide as saoráidí lasmuigh den scoil agus go mbainfear úsáid as saoráidí scoile lasmuigh d'uaireanta scoile ionas go mbeidh deis ar ghníomhaíochtaí ealaíon ag páistí agus ag daoine óga. Is é seo an cleachtas reatha



faoi Chiorcláin M18/05 agus 16/05 na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, mar a moltar do scoileanna breithniú go géar ar a saoráidí scoile a chur ar fáil don phobal áitiúil i ndiaidh na n-uaireanta foirmiúla scoile ar mhaithe le súgradh agus áineas, más féidir.

#### 4.16 An Chomhairle Ealaíon

D'fhonn tacú go himleor leis an gcleachtas reatha atá sna healaíona san oideachas faoi láthair agus d'fhonn tabhairt faoi bhearnaí móra sa soláthar agus sa bhonneagar, i bhfianaise scála an riachtanais, cuirfidh An Chomhairle Ealaíon roimpi an leibhéal coibhneasta de thacaíocht, dá cuid, d'eagraíochtaí agus d'eagraíochtaí ealaíon a chothabháil go hiomlán, nó go páirteach, sna healaíona san oideachas, agus sin ar shlí go bhféadfaidh sí soláthar nua a thionscnamh agus a chothú.

Déanfaidh An Chomhairle Ealaíon, más féidir, tacaíocht choibhneasta d'eagraíochtaí ealaíon a bhreisiú le beartais agus clár do na healaíona san oideachas d'fhonn cur lena hacmhainn scóip a cuid oibre a leathnú agus a tionchar a mhéadú.

Oibreoidh An Chomhairle Ealaíon leis An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta agus leis An Roinn Oideachais agus Scoileanna chun cur le líon na gcónaitheachtaí d'ealaíontóirí sna Coláistí Oideachais.

#### 4.17 Scoileanna Láidir sna hEalaíona (ARIS)

Cuirfidh An Chomhairle Ealaíon scéim náisiúnta, ina gcuirfear tiomantas na Cairte maidir le beartais agus pleananna scoile do 'shaibhriú an churaclaim agus saolré níos leithne na scoile' chun cinn i gcomhar leis an dá Roinn. Mar thoradh ar an scéim seo – **Scoileanna Láidir sna hEalaíona (ARIS)** - spreagfar agus aithneofar na scoileanna sin (idir bhunscoileanna agus iar-bhunscoileanna) a mbeidh bealaí éagsúla acu le go mbeidh na healaíona ina bpáirt shuntasach de shaol na scoile agus le go mbeidh na healaíona i gcroílár phobal na scoile, agus tionchar acu ar na daltaí go príomha ach freisin ar mhúinteoirí, ar thuismitheoirí, ar bhaill foirne eile agus ar phobal na scoile.

Tá scéimeanna úsáideacha den tsamhail chéanna ar bun ag **Green Schools Ireland**, ag **Bratach Scoile Gníomhaí** agus ag **Comórtas na mBailte Slachtmhara**. Spreagfaidh **Scoileanna Láidir sna hEalaíona (ARIS)** scoileanna agus cuideoidh sé leo iarracht a dhéanamh a bhfeidhmíocht féin a fheabhsú ó bhliain go bliain faoi réim tacar critéar lena n-áireofaí:

- Timpeallacht na Scoile - seachtrach agus inmheánach;
- Bailiúchán Ealaíne agus taispeántas;
- Grúpaí, cineálacha ensemble, clubanna agus cumainn ealaíon;
- Imeachtaí, laethanta, seachtainí, féilte ealaíon;
- Clár na n-ealaíontóirí ar cuairt;
- Cuirteanna scoile chuig áiteanna agus imeachtaí ar díol

suntais iad ó thaobh na n-ealaíon/an chultúir de;

- Clár ama don oideachas ealaíon laistigh agus lasmuigh d'uaireanta scoile; agus,
- Na healaíona agus teicneolaíochtaí nua.

#### 4.18 Music Generation

Lorgóidh An Chomhairle Ealaíon agus **Music Generation** bealaí ina bhféadfadh sí cur leis an gclár náisiúnta seo trí thacú le tionscnaimh a bhainfeadh le rannpháirtíocht ceoltóirí gairmiúla agus taibhiú ó dhaoine óga. Féachfaidh An Chomhairle Ealaíon le spreagadh a thabhairt do na heagraíochtaí ealaíon uile a fhaigheann maoiniú as cistí poiblí chun beartais agus cláir sna healaíona san oideachas a fhorbairt agus chun cuidiú leo soláthar marthanach de chleachtas ardchaighdeán a bhunú i gcomhréir leis na **Treoirínte Ealaíontóirí - Scoileanna (2006)**, atá foilsithe ag an gComhairle Ealaíon agus ag An Roinn Oideachais agus Scileanna.

#### 4.19 Soláthar Nua

Cuirfidh An Chomhairle Ealaíon roimpi soláthar nua a chothú, go mór mór i gcodanna den tír atá ar bheagán seirbhíse ó thaobh na n-ealaíon san oideachas de nó nach bhfuil an tseirbhís iontu in aon chor, agus i bhfoirmeacha nó i gcleachtais ealaíne mar ar tearc í an fhorbairt reatha atá ag tarlú sna healaíona san oideachas.

Bunóidh An Chomhairle Ealaíon córas monatóireachta agus taifeadta chun sonraí ábhartha i réimse na n-ealaíon san

oideachas a eachtarshuí, obair a bheidh le déanamh mar chuid d'atreoshuíomh chórais TCF na Comhairle Ealaíon. D'fhéadfaí feidhm a bhaint as an múnla seo ansin ina dhiaidh sin i dtaca leis an raon iomlán réimsí sna healaíona rannpháirtíochta lena n-áirítear oideachas as taithí.

Déanfaidh An Chomhairle Ealaíon athbhreithniú ar riachtanais forbartha ghairmiúla ealaíontóirí agus ghairmithe eile ealaíon a bheidh ag gabháil de chleachtas na n-ealaíon san oideachas le bheith mar bhonn eolais le haghaidh critéir cháilitheachta i dtaca le scéimeanna amhail Taisteal agus Oiliúint, Sparánachtaí agus Coimisiúin.

## 5. Comhaontú ar Ghníomhartha na Ranna

### 5.1 An Roinn Oideachais agus Scileanna

Geallann an tAire Oideachais agus Scileanna an chomhpháirtíocht a bhfuil tús curtha léi ag an Aire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta sa réimse seo a chothabháil. Chun sin a chur i gcrích déanfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna an méid seo:

- Leanfaidh sé den tacaíocht do na healaíona mar chuid de na príomh-chomhphárteanna san oideachas iomlánaíoch, go háirithe, sna Luathbhlianta, sa Bhunoideachas agus sa tSraith Shóisearach agus san Idirbhliain sula dtosaíonn daltaí ag speisialú in ábhair sa tSraith Shinsearach;
- Cuirfidh sé ar chumas na **Seirbhíse um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí** comhairle a thabhairt agus cuidiú le forbairt agus le tacaíocht leanúnach an tsuímh thairsí agus acmhainní digiteacha sonracha don fhoghlaim agus don mhúinteoireacht le haghaidh na n-ealaíon san oideachas a fhorbairt;
- Déanfaidh sé soláthar do spás agus saoráidí iomchuí do pháistí agus do dhaoine óga, i gcás acmhainní a bheith ar fáil, chun gabháil den chruthaitheacht agus den fhoghlaim sna healaíona laistigh de dhearach, athchóiriú agus feistiú scoileanna, foirgneamh agus an riachtanas comhthreomhar maidir le dearadh agus athchóiriú scoileanna nua agus foirgneamh eile oideachais chun na riachtanais ar leith – idir na riachtanais dhíreacha oideachais agus riachtanais sa phobal i gcoitinne araon – na n-ealaíon a thógáil san áireamh;

- Cuirfidh sé an **Scéim, Céatadán don Ealaín**, chun cinn go gníomhach sna cláir chaipitil uile do scoileanna nua;
- Aithneoidh sé gur ann don riachtanas acmhainní a leithdháileadh, nuair is ann dóibh, ar fhorbairt churaclaim agus ghairmiúil i ndáil leis na healaíona, i gcomhréir le tosaíochtaí oideachais;
- Ainmneoidh sé **An Chomhairle Ealaíon** faoi alt 42 den Acht Oideachais, 1998 ina ndéantar foráil, inter alia, go rachaidh **An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe**, i gcomhairle le comhlachtaí ainmnithe ó am go ham de réir mar is cuí léi, agus rachaidh sí i gcomhairle leis na comhlachtaí sin nuair a iarrfaidh an tAire uirthi déanamh amhlaidh agus go bhféadfaidh comhlacht ainmnithe tráth ar bith, de réir mar is cuí leis, uirill a dhéanamh chuig an gComhairle maidir le haon ní a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle agus breithneoidh an Chomhairle na huirill sin agus cuirfidh sí toradh an bhreithnithe sin in iúl don chomhlacht ainmnithe;
- Leanfaidh sé den tacaíocht d’obair **Music Generation** maidir le creat náisiúnta don Oideachas Ceoil in Éirinn a cheapadh;
- Leanfaidh sé den tacaíocht d’obair na nIonad Oideachais i ndáil leis na hEalaíona; agus,
- Ceapfaidh sé beartais sa mheántearma d’earnálacha an oideachais luath-óige agus an bhunoideachais.

### 5.2 Grúpa Ardleibhéil Forfheidhmithe

Beidh Grúpa Ardleibhéil Forfheidhmithe ag maoirsiú na bhforbairtí a eascróidh as an

gCairt. Beidh **an tOllamh John Coolahan**, Ollamh Emeritus, Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad, ina chathaoirleach ar an nGrúpa, agus beidh siad seo a leanas air freisin - **Orlaith Mc Bride**, Stiúrthóir na Comhairle Ealaíon, **Mary Nunan**, Dámh Chruinne Éireann Rince agus Ceol, Ollscoil Luimnigh (agus Cathaoirleach Choiste na **bPointí Ailíniúcháin**), **Alan Wall**, Stiúrthóir sa Roinn Oideachais agus Scileanna agus **Niall Ó Donnchú**, Ard-Rúnaí Cúnta na Roinne Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta. Struchtúr é seo a d'fheidhmeodh mar phointe teagmhála straitéiseach, ardleibhéil, agus leanúnach leis an dá Aire ionas go gcinnteofaí go gcuirfí cuspóirí na Cairte i bhfeidhm.

Tiocfaidh an Grúpa Ardleibhéil Forfheidhmithe le chéile go rialta agus cuirfidh sé tuairisc faoi bhráid na nAirí faoi dhó sa bhliain, ar a laghad. Féadfar cruinnithe comhairliúcháin a thionól le grúpa níos leithne de phríomhpháirtithe leasmhara eile gach dara bliain. Féadfaidh an Grúpa Ardleibhéil Forfheidhmithe comhairle a thabhairt do na hAirí freisin maidir leis an gCairt a nuashonrú agus a fheabhsú.

### 5.3 An Roinn Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta

Geallann an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta an chomhpháirtíocht a bhfuil tús curtha léi ag an Aire Oideachais agus Scileanna sa réimse seo a chothabháil. Chuige sin déanfaidh an tAire Ealaíon, Oidhreacht agus Gaeltachta an méid seo:

- Eiseoidh sé treoir beartais chuig an gComhairle Ealaíon chun na

gníomhartha atá dírithe ar thacaíocht fheabhsaithe do na cláir agus do na seirbhísí reatha do na healaíona san oideachas a thionscnamh; rud a thabharfaidh spreagadh d'eagraíochtaí ealaíon gairmiúla dul ag saothrú sa ghort seo; agus raon na seirbhísí agus na dtionscadal ealaíon san oideachas a fhorbairt go háitiúil agus go náisiúnta;

- Cinnteoidh sé go bhforfheidhmeoidh na **Forais Chultúir Náisiúnta** an creat beartais maidir le hOideachas, Pobal agus For-rochtain a chuir Comhairle na bhForas Cultúir Náisiúnta i dtoll a chéile.
- Cuirfidh sé soláthar saoráidí do chleachtas oideachais isteach i mbeartas amach anseo maidir le cláir chaiteachais chaipitil sna healaíona agus sa chultúr;
- Cuirfidh sé roimhe spéis a choinneáil sna saincheistanna bainteach leis na healaíona san oideachas agus i saincheistanna an oideachais ealaíon i gcoitinne agus tiomantas a bheith ann dóibh, i gcomhthéacs na dtiomantas atá leagtha amach i gClár an Rialtais; agus,
- Déanfaidh sé athbhreithniú ar na cuir chuige reatha i dtaca le maoiniú na dtionscadal a bhaineann leis na healaíona ag féachaint le hacmhainní a shannadh do na healaíona san oideachas ar bhealach straitéiseach, comhdhlúite, agus comhordaithe.